Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Lúnasa 2022
(OR. en)

11720/22

LIMITE

POLCOM 89
WTO 140
AGRI 354
UD 157
UK 119

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0231(NLE)**

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 380 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 380 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 380 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 2.8.2022
COM(2022) 380 final

2022/0231 (NLE)
**SENSITIVE***

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach**

* Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

I mí Dheireadh Fómhair 2018, sheol an tAontas an próiseas caibidlíochta go foirmiúil (faoi Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT)) le roinnt Comhaltaí EDT sa Ghinéiv. Is é bunphrionsabal na caibidlíochta 'cur chuige comhpháirteach' arna fhorbairt idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe in 2017 maidir le conas na gealltanais chainníochtúla a chuimsítear i sceideal EDT AE28 a 'chionroinnt' i gcás 143 chuóta ráta taraife (TRQanna) EDT de chuid an Aontais a bhaineann leis an talmhaíocht, an t-iascach agus an tionsclaíocht. Is é bunús an chur chuige seo go gcoinneofaí ar bun go hiomlán amach anseo méid gach TRQ atá ann cheana, ach amháin go roinnfí é ar dhá chríoch custaim ar leithligh: AE27 agus an Ríocht Aontaithe.

Tá prionsabal na modheolaíochta feidhmí bunaithe ar na sreafaí trádála isteach in AE27 agus sa Ríocht Aontaithe le linn tréimhse thagartha ionadaíoch (tréimhse 3 bliana ó 2013 go 2015) le haghaidh TRQanna EDT uile.

Tá grinntuairisc ar mhodheolaíocht chomhaontaithe na cionroinnte i Rialachán (AE) 2019/216 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Go sonrach, le hAirteagal 2b) den Rialachán seo tugtar de chumhacht don Choimisiún na scaireanna cionroinnte a leasú agus faisnéis ábhartha a d'fhéadfadh sé a fháil i gcomhthéacs na gcaibidlíochtaí faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994 nó ó fhoinsí eile a mbeadh leas acu i gcuóta ráta taraife ar leith á cur san áireamh.

An 15 Meitheamh 2018, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún caibidlíocht faoi Airteagal XXVIII de CGTT le Comhaltaí ábhartha EDT a sheoladh d'fhonn lamháltais EDT an Aontais maidir le TRQanna a chionroinnt.

Tá cearta caibidlíochta ag Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) maidir le 70 TRQ agus cearta comhairliúcháin maidir le 16 TRQ.

I gcás thromlach na TRQanna lena mbaineann SAM, ghlac SAM leis na méideanna cionroinnte a mhol an tAontas ar dtús.

Comhaontaíodh athruithe ar mhéideanna maidir leis na TRQanna seo a leanas.

Déanfar sciar AE27 de TRQ tírshonrach SAM agus Cheanada maidir le mairteoil a athbhreithniú chuig 10 500 tona.

Déanfar sciar AE27 de dhá TRQ *erga omnes* in earnáil na muiceola a athbhreithniú chuig 4 786 thona agus 5 720 tona faoi seach, agus tréimhse thagartha níos déanaí ó 2015 go 2017 á cur san áireamh.

Déanfar sciar AE27 de TRQ tírshonrach de chuid SAM in earnáil na muiceola a thabhairt chuig nialas, agus tréimhse thagartha níos déanaí ó 2015 go 2017 á cur san áireamh.

Déanfar sciar AE27 de TRQ *erga omnes* maidir le púdar bainne bhearrtha a athbhreithniú chuig 62 917 dtona chun méid nach bhfuil inmharthana ó thaobh na tráchtála de a sheachaint ar thaobh na Ríochta Aontaithe.

Déanfar sciar AE27 de thrí TRQ *erga omnes* maidir le prátaí, trátaí agus cairéid a athbhreithniú chuig 4 295 thona, 472 thona agus 1 244 thona chun méideanna nach bhfuil inmharthana ó thaobh na tráchtála de a sheachaint ar thaobh na Ríochta Aontaithe.

Déanfar sciar AE27 de TRQ *erga omnes* maidir le cúcamair a athbhreithniú chuig 647 dtona, agus an tréimhse thagartha ó 2013 go 2016 á cur san áireamh.

Déanfar sciar AE27 de TRQ *erga omnes* maidir le hoinniúin thriomaithe a athbhreithniú chuig 9 770 tona, agus an tréimhse thagartha ó 2014 go 2016 á cur san áireamh.

Déanfar sciar AE27 de TRQ *erga omnes* maidir le halmóinní a athbhreithniú chuig 86 223 thona, agus an tréimhse thagartha ó 2014 go 2016 á cur san áireamh.

Déanfar sciar AE27 de TRQ *erga omnes* maidir le silíní a athbhreithniú chuig 151 tona, agus an tréimhse thagartha ó 2014 go 2016 á cur san áireamh.

Déanfar sciar AE27 de TRQ tírshonrach de chuid SAM maidir le cruithneacht bhog a athbhreithniú chuig 572 000 tona, agus tréimhse thagartha níos déanaí ó 2016 go 2018 á cur san áireamh.

Déanfar sciar AE27 de dhá TRQ *erga omnes* in earnálacha na ngránach a athbhreithniú chuig 307 105 thona agus 276 440 tona faoi seach, agus tréimhsí tagartha níos déanaí á gcur san áireamh, ó 2016 go 2018 sa chéad chás agus ó 2015 go 2017 sa dara cás.

Déanfar sciar AE27 de TRQ *erga omnes* maidir le rís gan scilligeadh a athbhreithniú chuig 7 dtona chun méid nach bhfuil inmharthana ó thaobh na tráchtála de a sheachaint ar thaobh na Ríochta Aontaithe.

Déanfar sciar AE27 d'fho-leithdháileadh tírshonrach SAM de dhá TRQ maidir le rís leathmheilte nó rís lánmheilte a athbhreithniú chuig 25 772 thona agus 1 910 dtona faoi seach, agus tréimhsí tagartha níos déanaí á gcur san áireamh, ó 2017 go 2020 sa chéad chás agus ó 2013 go 2018 sa dara cás.

Déanfar sciar AE27 de TRQ *erga omnes* maidir le rís bhriste a athbhreithniú chuig 28 360 tona, agus tréimhse thagartha níos déanaí ó 2016 go 2018 á cur san áireamh.

Déanfar sciar AE27 de TRQ *erga omnes* maidir le sú fíonchaor a athbhreithniú chuig 2 525 thona, agus tréimhse thagartha níos déanaí ó 2017 go 2019 á cur san áireamh.

Déanfar sciar AE27 de TRQ *erga omnes* agus TRQ tírshonrach de chuid SAM maidir le hullmhóidí bia a athbhreithniú chuig 783 thona agus 1 286 thona faoi seach, agus tréimhse thagartha níos déanaí ó 2016 go 2018 á cur san áireamh.

Déanfar sciar AE27 de TRQ *erga omnes* maidir le súnna torthaí a athbhreithniú chuig 6 551 tona, agus tréimhsí tagartha le haghaidh trádála ó 2015 go 2017 agus ó 2016 go 2018 á gcur san áireamh.

I gcás dhá TRQ *erga omnes* maidir le hullmhóidí bia a úsáidtear i mbeathú ainmhithe, coinneoidh AE27 an méid iomlán bunaidh a bhí ag AE28 (2 800 tona agus 2 700 tona), agus tréimhse thagartha níos déanaí ó 2016 go 2018 á cur san áireamh agus chun cainníochtaí beaga a sheachaint ar thaobh na Ríochta Aontaithe.

PUBLIC

Déanfar sciar AE27 de TRQ *erga omnes* maidir le bia madraí agus bia cat a athbhreithniú chuig 1 732 thona, agus tréimhse thagartha níos déanaí ó 2016 go 2018 á cur san áireamh.

Déanfar sciar AE27 de TRQ *erga omnes* maidir le séaclaí a athbhreithniú chuig 500 tona (100 % de mhéid AE28) chun cainníocht neamheacnamaíoch a sheachaint ar thaobh na Ríochta Aontaithe.

Déanfar sciar AE27 de TRQ *erga omnes* maidir le sraithadhmad a athbhreithniú chuig 448 500 m ciúbach.

Ina theannta sin, i gcás TRQ *erga omnes* maidir le mairteoil, laghdófar an ráta laistigh den chuóta, agus an chuid ad valorem den dleacht á laghdú ó 20 % go 15 %.

Déanfar an Rialachán ábhartha, Rialachán (AE) 2019/216 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún a leasú chun méideanna leasaithe na TRQanna sin a léiriú.

Chuir an Coimisiún Eorpach togra isteach roimhe seo ar chinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú céanna (COM(2021)122 final). Roimh shíniú an Chomhaontaithe, arna iarraidh sin ag SAM, rinneadh athrú ar an gcóras teanga; thairis sin, i ndiaidh caibidlíochta le comhpháirtithe EDT eile, rinneadh méid dhá TRQ a mhodhnú (TRQanna maidir le súnna torthaí agus le sraithadhmad). De thoradh na n-athruithe sin tá togra nua ar chinneadh ón gComhairle á thíolacadh ag an gCoimisiún.

Chuathas i gcomhairle go rialta leis an gComhairle (an Coiste um an mBeartas Trádála) maidir le clár agus dul chun cinn na caibidlíochta.

Dá réir sin, molann an Coimisiún Eorpach don Chomhairle síniú an Chomhaontaithe a údarú faoi réir a thabhairt i gcrích tráth is faide anonn.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Neamhbhainteach. Déantar an beart chun comhaontú a chur chun feidhme tar éis caibidlíocht faoi chuimsiú Airteagal XXVIII de CGTT 1994, ceart de chuid an Aontais faoi Chomhaontú EDT.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Neamhbhainteach. Déantar an beart chun comhaontú a chur chun feidhme tar éis caibidlíocht faoi chuimsiú Airteagal XXVIII de CGTT 1994, ceart de chuid an Aontais faoi Chomhaontú EDT.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 207(4) de Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gcomhar le hAirteagal 218(6) de CFAE chun comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích.



PUBLIC

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach. Déantar an beart chun comhaontú a chur chun feidhme tar éis caibidlíocht faoi chuimsiú Airteagal XXVIII de CGTT 1994, ceart de chuid an Aontais faoi Chomhaontú EDT.

- **Comhréireacht**

Neamhbhainteach. Déantar an beart chun comhaontú a chur chun feidhme tar éis caibidlíocht faoi chuimsiú Airteagal XXVIII de CGTT 1994, ceart de chuid an Aontais faoi Chomhaontú EDT.

- **An rogha ionstraime**

Ceanglaítear Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear an Comhaontú a chur i gcrích faoi Airteagal 218(6) CFAE.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach. Déantar an beart chun comhaontú a chur chun feidhme tar éis caibidlíocht faoi chuimsiú Airteagal XXVIII de CGTT 1994, ceart de chuid an Aontais faoi Chomhaontú EDT.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach. Déantar an beart chun comhaontú a chur chun feidhme tar éis caibidlíocht faoi chuimsiú Airteagal XXVIII de CGTT 1994, ceart de chuid an Aontais faoi Chomhaontú EDT.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach. Déantar an beart chun comhaontú a chur chun feidhme tar éis caibidlíocht faoi chuimsiú Airteagal XXVIII de CGTT 1994, ceart de chuid an Aontais faoi Chomhaontú EDT.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach. Déantar an beart chun comhaontú a chur chun feidhme tar éis caibidlíocht faoi chuimsiú Airteagal XXVIII de CGTT 1994, ceart de chuid an Aontais faoi Chomhaontú EDT.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach. Déantar an beart chun comhaontú a chur chun feidhme tar éis caibidlíocht faoi chuimsiú Airteagal XXVIII de CGTT 1994, ceart de chuid an Aontais faoi Chomhaontú EDT.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach. Déantar an beart chun comhaontú a chur chun feidhme tar éis caibidlíocht faoi chuimsiú Airteagal XXVIII de CGTT 1994, ceart de chuid an Aontais faoi Chomhaontú EDT.

PUBLIC

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Neamhbhainteach. Déantar an beart chun comhaontú a chur chun feidhme tar éis caibidlíocht faoi chuimsiú Airteagal XXVIII de CGTT 1994, ceart de chuid an Aontais faoi Chomhaontú EDT.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach. Déantar an beart chun comhaontú a chur chun feidhme tar éis caibidlíocht faoi chuimsiú Airteagal XXVIII de CGTT 1994, ceart de chuid an Aontais faoi Chomhaontú EDT.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Neamhbhainteach. Déantar an beart chun comhaontú a chur chun feidhme tar éis caibidlíocht faoi chuimsiú Airteagal XXVIII de CGTT 1994, ceart de chuid an Aontais faoi Chomhaontú EDT.

PUBLIC

2022/0231 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh [XXX] (AE) XXXX/XXX ón gComhairle, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, síníodh an Comhaontú sin thar ceann an Aontais an [...], faoi réir a thabhairt i gcrích dáta is faide anonn.

(2) Is é is cuspóir don Chomhaontú foráil a dhéanamh maidir le cionroinnt na gcuótaí ráta taraife a chuimsítear i Sceideal CLXXV de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, de bhun Airteagal XXVIII de CGTT 1994.

(3) Ba cheart an Comhaontú seo a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, déantar an Comhaontú sin a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Chomhaontaithe curtha i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

[1] IO C […], […], lch. […].

Tabharfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 3(1) den Chomhaontú d'fhonn toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC